



Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

PLEAN SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2025

Clár an Ábhair

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.....	3
Próifíl / Cúlra BOO Lú agus na Mí	9
Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).....	9
Struchtúr Geografach	9
Oideachas Céad Leibhéal	10
Oideachas Dara Leibhéal.....	10
Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (FROT) an Lú agus na Mí	10
Breisoideachas & Oiliúint	12
Ionad Sármhaitheasa Oiliúna Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD)	12
Seirbhísí don Óige.....	13
Tacaí Eile	15
BOOÉ (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann).....	15
Limistéir agus suíomhanna geografacha	15
Cúlra agus Faisnéis Staidrimh	15
Athrú Daonra agus Iarbhír agus Céatadán 2016 go 2022*	15
Is iad sprioc-chliant BOOLM:.....	16
Bainistíonn agus feidhmíonn BOOLM:	16
Misean, Luachanna agus Prionsabail	16
Ráiteas Misin.....	16
Bunluachanna agus Prionsabail:.....	17
Ráiteas Straitéise	18
Sreabhadh oibre an Timthrialla Pleanála	19
Ráiteas Seirbhísí 2025	20
Forbhreathnú ar Sheirbhísí	54
Ráiteas Seirbhísí – Seirbhísí Tacaíochta agus Forbartha (STF) Eagraíochta	54
Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2025	59

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

A Chairde, mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, tá lúcháir orm Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) do 2025 a chur faoi bhráid. Leagann an doiciméad seo amach plean oibriúcháin BOOLM don bhliain atá le teacht chomh maith le bheith mar bhonn don phlé lenár maoinitheoirí maidir lenár bhfeidhmíocht. Is é seo chomh maith ceathrú Plean Seirbhíse BOOLM faoi chreat an Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022-2026.

Is mór an phribhléid dom a bheith roghnaithe mar Chathaoirleach ag Bord nuabhunaithe BOOLM. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair an Bhoird a tháinig romhainn agus d'obair an Chomhairleora Wayne Harding, larchathaoirleach an Bhoird. Táim ag súil le bheith ag obair leis an mBord nua le misean BOOLM a chomhlíonadh mar atá feabhas agus nuálaíocht a chur ar fáil in oideachas agus in oiliúint foghlaiméirí trí sholáthar seirbhísí dinimiciúla ag foireann ghairmiúil. Is mór an onóir dúinn bheith ag obair ar son phobal Chontae Lú agus Chontae na Mí. Ábhar bróid dúinn é a bheith ag obair lenár gcuid comhpháirtithe oideachasúla agus cur le forbairt agus fás an tsoláthair oideachais agus oiliúna sa réigiún. Tá sé mar aidhm againn a bheith mar phríomhsholáthraí an oideachais agus na hoiliúna ardchaighdeán i Lú agus sa Mhí trí raon éagsúil de chlár inrochtana, fhorásacha agus fhreagrúla a bhainistiú agus a sheachadadh.

Leantar ag cur le feabhas na timpeallachta tógtha le tacaíocht ónár máthair-Ranna agus SOLAS. Tá roinnt tionscadal spreagúil sceidealaithe le tosú ar láithreáin i mbliana lena n-áirítear scoileanna buana nua le haghaidh Phobalscoil Náisiúnta Dhún Seachlainn, Choláiste Ríoga i nDún Seachlainn, agus Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí. Cuirim fáilte freisin roimh an aistriú go céim 2 de Choláiste de Lacy, atá á seachadadh faoi scéim 'Adapt' de chuid an Roinn Oideachais, ar tugadh cead pleanála dó sa cheathrú ráithe de 2024. Leanfaidh BOOLM ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis na tionscadail sin d'fhonn a chinntiú go bhfeistítear agus go gcóirítear scoileanna de réir na gcaighdeán is airde.

Tá an cás gnó á chur ar aghaidh ag BOOLM freisin le haghaidh Choláiste Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí, coláiste úrscothach i nDún Búinne, i gcomhar le SOLAS agus RBATNE. Tá BOOLM ag súil le conarthaí a shíniú don láithreán 25-acra sa chéad ráithe de 2025 agus gabhann sé buíochas faoi leith leis an Aire Donovan agus lena chuid oifigeach i RBATNE agus le SOLAS as a ndíograis i leith an tionscadail sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do agus buíochas a ghabháil leis an Aire Norma Foley as an tacaíocht a tugadh do BOOLM le linn shaolré an rialtais roimhe agus gach rath a ghuí ar an Aire McEntee mar Aire Oideachais agus Óige. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do agus buíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire Donovan as a thacaíocht d'earnáil an BOO agus gach rath a ghuí ar an Aire Lawless mar Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Táimid ag súil le bheith ag obair leis na hAirí Stáit ábhartha chun ár misean agus ár gcuid spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

Chomh maith leis na hiarrachtaí comhoibríocha leanúnacha lenár maoinitheoirí sa Roinn Oideachais, sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS, d'oibrigh BOOLM go dlúth chomh maith le páirtithe leasmhara ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon lena n-áirítear Údarás Áitiúla, Fiontraíocht Éireann, an ÚFIÉ agus an IHREC chun tionscnaimh fhairsinge a forbairt chun cur le saol na bpobal ar a bhfeastalaímid, ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe, ag cuimhneamh i gcónaí ar ár ndualgas san earnáil phoiblí ina leith seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Michael Keogh a rinne cathaoirleacht ar obair Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha. Tá an tionscadal tugtha chun críche anois ach bainfidh muintir Dhroichead Átha leas as oidhreacht na nuálaíochta agus an chomhair thar raon na seirbhísí poiblí i nDroichead Átha go ceann na mblianta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann an BOOLM as a ndúthracht agus a dtiomantas dár gcomhfhís don eagraíocht agus buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí, caomhnóirí agus foghlaimoirí a chuir a muinín ionainn maidir lena dtodhchaí.

Ní neart go cur le chéile.



An Comhairleoir Nick Killian
Cathaoirleach, BOOLM

Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach

Tá áthas orm, mar Phríomhfheidhmeannach ar BOO Lú agus na Mí, Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) 2025 a chur i láthair. Tá an plean seo treoraithe ag agus bunaithe ar Ráiteas Straitéise BOOLM le haghaidh 2022-2026 ar ghlac an Bord leis agus cuirtear ar chumas BOOLM leis aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a mheastar a thiocfadh chun cinn le linn a shaolré.

Is maith a thuigean BOOLM na treochtaí atá ag teocht chun cinn ar fud an domhain agus a bhfuil tionchar acu ar dheiseanna dár gcuid mac léinn agus foghlaimoirí amach anseo, agus sa chomhthéacs sin bímid i gcónaí ag féachaint chuig cúrsaí oiliúna, socrúcháin oibre agus printíseachtaí ceannróaíocha a thairiscint lena ndéantar freastal ar riachtanais ár ndaonra agus ar riachtanais na fiontraíochta agus an ghnó.

Chuir athruithe déimeagrafacha agus fás daonra sa dá chontae le tréimhse an-spreagúil agus dúshlánach do BOOLM. Léiríonn sonraí ón daonáireamh go bhfuil Lú agus an Mhí ar cheann de na réigiúin is mó fáis sa tír le méadú 11% ar an daonra go beagnach 360,000 ó 2016 i leith. Léiríonn rolluithe méadaithe agus bunú scoileanna nua agus tionscadail tógála sa dá chontae na hathruithe sin.

Ar aon dul lena straitéis le haghaidh 2022-2026, tá BOOLM tiomanta chun úsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú agus chun gníomhú go hinbhuanaithe. Rinneadh Iniúchtaí Fuinnimh i níos mó ná 85% dár stoc foirgneamh agus tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil Treochlár BOOLM um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm agus é mar phríomhfachtóir spreagtha agus mar phríomhspreagadh i dtreo ár gcuid spriocanna earnála poiblí a chomhlíonadh. Tá an-áthas ar BOOLM freisin acmhainn thiomnaithe a bheith curtha i bhfeidhm aige chun an obair thábhachtach sin a bhainistiú lena dtacaítear ár dtiomantas chun gníomhú go hinbhuanaithe. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil maoiniú faighte ag BOOLM faoi Chlár Pathfinder RePowerEu chun iarfheistiú suntasach a dhéanamh ar Choláiste Pobail Rath Chairn. Mar chuid den tionscadal sin atá faoi stiúir na Roinne, agus atá le bheith críochnaithe i rith an tsamhraidh, déanfar feabhsúcháin mhóra ar chreatlach na scoile chun cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hinbhuanaitheacht. Tá iarratas déanta chomh maith ag BOOLM ar a chuimsiú sa chlár pathfinder don Bhreiseoideachas.

Tá ionad oiliúna leictreachais nua BOOLM i nDroichead Átha ag cur go mór le hiarrachtaí le haghaidh a thabhairt ar an riaráiste i bprintíseacht ceirde an leictreachais agus glacadh le 308 printíseach breise isteach san ionad in 2025. Cabhróidh an Lárionad Feabhais sin le haghaidh na printíseachta leictreachais in Éirinn leis an Rialtas lena gcuid spriocanna mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Nua le haghaidh Printíseachtaí 2021– 2025, a chomhlíonadh. Bhain an lárionad amach duais mhór le rá ag na dámhachtainí um Fheabhas san Fhoirgníocht in Éirinn in 2024.

D'oscail BOOLM a chéad Phobalscoil Speisialta, Pobalscoil Speisialta Chara, sa Bhóthar Buí, Co. na Mí, anuraidh. Cuireann Pobalscoil Speisialta Cara oideachas cuí ar fáil do scoláirí, idir 4 go 18 mbliana d'aois, ag a bhfuil diagnóis d'Uathachas agus de riachtanais fhoghlama chasta, agus moladh gairmiúil aici le haghaidh Scoil Speisialta. Tá an-áthas orm go rabhthas in ann tacaíocht a thabhairt don Roinn Oideachais leis an scoil seo a thabhairt chuig an mBóthar Buí agus tá an-áthas orm freisin go bhfuil an scoil seo ag na scoláirí sin agus a dtuismitheoirí anois.

Tar éis don Aire Harris a fhógairt, tá BOOLM ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh maidir le tógáil choláiste saintógtha, úrscothach, breisoideachais agus oiliúna don todhchaí i nDún Búinne. Faomhadh ár n-iarratas ar mhaoiniú chuig SOLAS chun suíomh oiriúnach a fháil do Choláiste na Todhchaí i nDún Búinne agus tá comhaontú bainte amach anois le húinéir an tsuímh roghnaithe. Táimid ag súil leis an

gconradh don díolachán a thabhairt chun críche go luath agus úinéireacht a ghlacadh ar an láithreán 25-acra seo in 2025. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leo siúd a bhfuil a bhfís, a mbuanseasmhacht agus a dtiomantas tar éis a chinntiú gur aimsíodh agus go bhfuarthas an láithreán roghnaithe. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a dhéanamh leis an bPríomhoide, an tUas. Denis Leonard, a stiúir an coláiste seo ó bunaíodh é agus a chuir ceannaireacht ghairmiúil de réir an chaighdeáin is airde ar fáil, agus é sin a chuir ar taifead.

Tá BOOLM ag súil le deiseanna spreagúla agus nuálacha forbartha sa todhchaí i réimse an BOO agus tá go leor dul chun cinn déanta aige maidir le forbairt an Lárionaid Feabhais um Oiliúint Teicneolaíochta Ard-Déantúsaíochta (AMTCE/LIFOTAD) i nDún Dealgan. Tá an IOBFAD suite ar an gConair Eacnamaíochta ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus soláthróidh sé na hardscileanna déantúsaíochta agus teicneolaíochta a theastaíonn do dhéantúsaíocht sa réigiún amach anseo. Cuireann an t-ionad seo ar chumas na dtionscal fiontraíochta agus déantúsaíochta leas a bhaint as próisis bharrinneacha, as déantúsaíocht bhreiseán, as róbataic, uathobriú, réaltacht fhíorúil agus réaltacht bhreistithe. Tá sé beartaithe go gcuirfidh sé seo le táirgiúlacht agus iomaíochas cuideachtaí rannpháirteacha agus go dtacóidh sé le glacadh teicneolaíochtaí nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda /an Bhreathimeachta agus chun suaitheadh domhanda a sheasamh. Tá oibreacha Chéim II ar an ionad, ar tionscadal €11 milliún é, tugtha chun críche i dteannta le 7 gceardlann bhreise printíseachta leictreachais sa tsaoir seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht chaipitil mhéadaithe ó SOLAS agus RBATNE tríd an mBuiséad Cineachta Caipitil, trí bhuiséid Deisiúcháin agus Chothabhála, bhuiséid Oibreacha Éigeandála, agus Ciste SOLAS um Bonneagar Straitéiseach (€100,000–€5 milliún). I measc forbairtí deireanacha, fuarthas cead planála le haghaidh thionscadal oideachais il-threasaigh in Institiúid Bhreiseoideachais Dhroichead Átha agus um iarfheistiú ar champas Bhóthar na Mainistreach le haghaidh Ógtheagmháil agus Sheirbhísí Breisoideachais na hUaimhe. Ina theannta sin, tá uasghrádú nua dín agus inlisithe ar Shráid an tSeipéil, Dún Dealgan déanta, agus córas téimh nua le suiteáil i R1.

Ag freagairt do “Tithíocht do Chách – plan nua tithíochta d’Éirinn” de chuid an Rialtais táimid ag leanúint ar aghaidh le plananna chun fórsa saothair na hearnála tógála a leathnú. Teastóidh tuilleadh forbartha maidir le deiseanna oideachais agus oiliúna ina leith seo, go háirithe i réimse na bprintíseachtaí. Tá gealltanais uailmhianach sa Phlean Ghníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-25 chun clárúcháin printíseachta a mhéadú go 10,000 in aghaidh na bliana, beagnach dhá oiread an mhéid a bhí ann in 2020. Príomhréimse tosaíochta do sholáthar oiliúna BOOLM chun tacú leis sin is ea líon na rannpháirtithe a uasmhéadú i réimse na printíseachta ceardaíochta, le fócas ar leith ar réimsí mar leictreachas agus déanamh uirlisí.

Faoinár gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua 2022 - 2024, áirítear na príomhréimsí a aithníodh: Tacú le Poist, Conairí a Chruthú, Ionchuimsiú a Chothú, Ardoiliúint ar feadh an tsaoil agus Díriú ar phríomhriachtanais scileanna. Tá na torthaí tosaigh ó shonraí dheireadh na bliana atá ar fáil an-dearfach. Tá BOOLM ag tnúth le comhpháirtíocht leanúnach le SOLAS chun tacú le plananna uailmhianacha BOOLM agus iad a fheabhsú thar shaolré an SPA.

Tá an-áthas orm a thuairisciú gur tugadh go leor tionscadal tógála scoile chun críche in 2024 lenar áiríodh Scoil Náisiúnta Pheadair, Dún Bóinne, Céim II d’Iarbhuscail na Sceiche agus Bloc A & B de Choláiste na Mí, An Uaimh. I measc na dtionscadal atá idir lámha agus atá le bheith críochnaithe in 2025 tá an chéim dheireanach den mhéadú mór cineachta ar Iar-Bhuscail na Sceiche, scoil nua le haghaidh 575 scoláire agus Aonad Riachtanas Speisialta i gcomhair ceithre ranga ann i gColáiste Uí Chearúlláin, An Obair, agus an chéim dheireanach de Choláiste na Mí, lena gcuimsítear foirgneamh cosanta agus scoil nua le haghaidh Scoil Speisialta Mhuire, An Uaimh. Suiteálfar cóiríocht mhodúlach i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéir, Droichead Átha agus i bPobalscoil Náisiúnta Ard Rí agus i gColáiste Beaufort san Uaimh

I measc na dtionscadal atá ag céim an deartha tá méadú mór ar Choláiste Pobail Dhún Seachlainn (Céim 2a) agus síntí ar Iar-Bhunscoil Naomh Oilibhéir, An Seanchaisleán, agus ar Choláiste Pobail Naomh Oilibhéir, Droichead Átha (Céim 1). I measc na dtionscadal atá ag céim na pleanála tá Coláiste Beaufort, An Uaimh, Coláiste na hInse, Baile an Lígh, agus Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, lena n-áirítear scoil speisialta le haghaidh Scoil Ultain, An Uaimh. Tá BOOLM ag feitheamh chomh maith le faomhadh ón Roinn chun dul ar aghaidh go céim na tairisceana i gcomhair a cheanncheathrún nua i nDroichead Átha.

Leanann BOOLM ar aghaidh ag tacú le scoileanna neamh-BOO de réir iarratas an Roinn Oideachais. I measc na dtionscadal reatha tá méadú buan ar Phobalscoil Chiaráin, Na Cealla, (Céim 3: tairiscint don chonraitheoir), agus méadú ar Mheánscoil Loreto, An Uaimh (céim na pleanála). Tá Céim 2b den Aonad Riachtanas Speisialta i Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile sna Sceirí tugtha chun críche, agus cuirfear tús le tógáil i R2 2025. Tá Scoil Náisiúnta San Proinsias, An Charraig Dhubh, Co. Lú, ag dul ar aghaidh trí Chéim 2a. Mar chuid den tionscadail sin cuirfear feabhas ar áiseanna scoile agus timpeallachtaí foghlama le haghaidh foirne agus scoláirí araon agus tá áthas ar BOOLM a bheith in ann cabhrú leis na tionscadail thábhachtacha sin a chur i gcrích.

I measc na dtionscadal atá le teacht agus atá faoi stiúir na Roinne tá scoileanna buana nua le haghaidh Phobalscoil Náisiúnta Dhún Seachlainn, Coláiste Ríoga, agus Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí. Tugadh faomhadh pleanála do Chéim 2 de Choláiste de Lacy, cuid de scéim Adapt na Roinne ag deireadh 2024. Táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn le cinntiú go ndéanfar dul chun cinn chomh tapa agus is féidir leis na scoileanna sin.

Tá an-áthas orm go bhfuair BOOLM maoiniú ón gCiste um Bonneagar Spóirt ar Scála Mór (CBESM) chun saoráid spóirt a fhorbairt i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéir, a fhreastalóidh freisin ar Fhoireann Cispheile Drogheda Wolves. Cuimsítear leis an tionscadal halla spóirt, airéine dornálaíochta, seomra aclaíochta, áiteanna sóisialta, agus oifigí. Gabhaimid buíochas freisin leis an Aire Stáit i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha ar a bhfuil freagracht speisialta as Gnóthaí Eorpacha; agus sa Roinn Cosanta, Thomas Byrne, as a thacaíocht tríd an gCiste um Áiseanna Spóirt Pobail. Tá €480,000 faighte ag BOOLM freisin chun athchóiriú agus méadú a dhéanamh ar an raon reatha in Iar-Bhunscoil na Sceiche, Co. Lú.

Leanann BOOLM ag obair chun a dhualgas earnála poiblí maidir le comhionannas a chuimsiú ina chur chuige straitéiseach agus i bpleanáil seirbhíse araon d'fhonn freastal ar an bhfoghlaiméir ar an mbealach is fearr le heispéireas oideachais agus oiliúna fadsaoil uilechuimsitheach a sholáthar.

Tá BOOLM ag súil go muiníneach le leanúint ar aghaidh ag obair leis na pobail ar a bhfreastalaíonn sé le tacaíocht óna Bhord, Coistí, Boird Bhainistíochta, a mháthair-Ranna agus a mhaoinitheoirí. Bhí ról ríthábhachtach ag gach comhalta den Bhord, idir chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí, maidir le tacú le comhghnóthachtálacha BOOLM agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú. Tá mise, agus iadsan, ag tnúth le go leor deiseanna forbartha tábhachtacha in 2025.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Norma Foley as an tacaíocht a tugadh do BOOLM le linn shaolré an rialtais roimhe seo agus guím gach rath ar an Aire McEntee ina ról nua mar Aire Oideachais agus Óige. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do agus buíochas a ghabháil chomh maith leis an Aire Donovan as a thacaíocht d'earnáil an BOO agus gach rath a ghuí ar an Aire Lawless mar Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Táimid ag súil le bheith ag obair leis na hAirí Stáit ábhartha chun ár misean agus ár gcuid spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Michael Keogh a rinne cathaoirleacht ar obair Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha. Tá an tionscadal tugtha chun críche anois ach fágtar ina dhiaidh oidhreacht dhearfach do mhuintir Dhroichead Átha agus a cheantar máguaird ar mian leo stádas Cathrach a bhaint amach. Bhí na meithleacha oibre trasearnála agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara áitiúla ríthábhachtach chun moltaí Thuarascáil Guerin a sheachadadh

Mar Phríomhfheidhmeannach BOOLM, le tacaíocht ó m'Fhoireann Bainisteoirí Sinsearacha agus ó fhoireann BOOLM, táim tiomanta chun an Plean Seirbhíse seo a chur i bhfeidhm agus táim ag súil le bheith ag obair as lámh a chéile le páirtithe leasmhara BOOLM ar gach leibhéal agus ár gcuid spriocanna agus gníomhartha uailmhianacha á mbaint amach againn. Cuirim an Plean Seirbhíse seo faoina mbráid agus mé ar an tuiscint go gcabhróidh sé le heispéireas foghlaimoirí a fheabhsú. Táim muiníneach gur féidir linn, le tacaíocht ó cheannairí agus ó bhaill foirne uile BOOLM, leanúint ar aghaidh ag déanamh fíordhul chun cinn maidir lenár spriocanna a chur i bhfeidhm an bhliain seo chugainn agus ina dhiaidh sin.



Martin G. O'Brien
Príomhfheidhmeannach, BOOLM

Próifíl / Cúlra BOO Lú agus na Mí

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)

Is údaráis reachtúla iad na BOOanna a bhfuil freagracht orthu as oideachas agus oiliúint, obair óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus feidhmíonn BOOanna-scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, pobalscoileanna náisiúnta agus raon ionad aosoideachais agus breisoideachais agus oiliúna a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Tá feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Struchtúr Geografach

Tá sé BOO déag ar fud na tíre agus iad leagtha amach mar seo a leanas:



Oideachas Céad Leibhéal

Tá na BOOnna ina bpátrúin ainmnithe le haghaidh roinnt Pobalscoileanna Náisiúnta agus Pobalscoileanna Speisialta. Scoileanna il-sainchreidhmheacha atá dírithe ar an leanbh agus atá cuntasach go poiblí iad Pobalscoileanna Náisiúnta agus Pobalscoileanna Speisialta (PSN) agus é mar aidhm acu oideachas ardchaighdeán a sholáthar do gach leanbh ar aon dul leis an gCuraclam Bunscoile agus leis na treoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais. Tá BOOLM ina bpátrún do cheithre Phobalscoil Náisiúnta, ceann amháin i gCo. Lú agus trí cinn i gCo. na Mí agus Pobalscoil Speisialta amháin i gCo. na Mí.

Oideachas Dara Leibhéal

Bainistíonn BOOanna aon trian de na scoileanna dara leibhéal ar fad sa tír – oideachas do bhreis is 100,000 mac léinn. Feidhmíonn siad polasaithe rollaithe cuimsitheacha agus freastalaíonn siad ar líon suntasach scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá BOOLM ina phátrún ar ocht gcinn déag d'Iarbhunscoileanna, cúig cinn i gCo. Lú agus trí cinn déag i gCo. na Mí.

Tá BOOLM ina chomhphátrún ar 6 Phobalscoil i mBaile Átha Fhirdhia, i gCeanannas, i mBaile Átha Troim, i mBaile Átha Buí, i gCill Dhéagláin, agus i gColáiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha.

Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (FROT) an Lú agus na Mí

I gcomhar le comhpháirtithe oideachais, tá Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (FROT) bunaithe ag an Aire Oideachais faoi threoir na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) Tá na foirne sin tiomanta chun tacú le soláthar oideachais le haghaidh scoláirí as an Úcráin, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus scoláirí ag a bhfuil stádas aitheanta. Oibríonn an Comhordaitheoir FROT le haghaidh an Lú agus na Mí laistigh den Stiúrthóireacht Scoileanna i BOOLM.

BLIAIN ACADÚIL 2024/2025

Forbhreathnú ar Stiúirthóireacht na Scoile



MÉADÚ
300%
ar líon Scoileanna
PSN de chuid
BOOLM

MÉADÚ
12.5%
ar líon na n-Iar-
Bhunscoileanna
de chuid BOOIM

MÉADÚ
319%
ar chlárú i Scoileanna
PSN de chuid BOOLM

MÉADÚ
37%
ar chlárú in Iar-
Bhunscoileanna
de chuid BOOIM

MÉADÚ
14%
ar chlárú san Ionad
Scolaíochtaí Eorpaí
de chuid BOOLM

MÉADÚ
244%
ar líon na Ranganna
speisialta i Scoileanna
agus i gColáistí BOOLM

中国出版集团 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司
 中国出版集团 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司 中国对外翻译出版公司

Visit lmetb.ie
schoolsdirector@lmetb.ie

Riadas na hÉireann
Government of Ireland

Breisoideachas & Oiliúint

Is é BOOLM príomhsholáthraí an Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO) san Oirthuaisceart. Cuimsítear le soláthar BOO idir soláthar lánaimseartha agus páirtaimseartha atá suite go straitéiseach ar fud réigiún an Lú agus na Mí. Déanann BOO soláthar chomh maith i réimsí pobail chun rochtain ar agus plé le cláir BOO a chumasú agus tacú leis an rochtain sin. Tugann BOO an deis d'aosaigh rochtain a fháil ar sholáthar oideachais athdheise agus breisoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh. Tá cúrsaí agus cláir creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus ag creidiúnú dámhachtainí tionscail.

Áirítear le foghlaimoirí BOO iad siúd atá fostaithe agus dífhostaithe chomh maith le fostóirí, iad siúd atá sa bhaile agus ar mian leo breisoiliúint a dhéanamh nó filleadh ar an bhfórsa oibre, iad siúd atá i mbun gníomhaíochtaí pobail agus deonacha agus iad siúd atá ag lorg athdheise chun rochtain a fháil ar an oideachas agus an oiliúint.

Áirítear leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann BOO BOOLM ar fáil; Seirbhísí Oideachais agus Eolais, Seirbhísí tacaíochta foghlaimora lena n-áirítear teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha agus soláthar TFC. Tá rochtain ag Foireann BOO ar shraith de chlár leanúnacha FGL chun a gcuid scileanna a choinneáil úr agus cothrom le dáta. In 2024, thug BOO BOOLM chun críche go rathúil a dara leagan de chomhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta lenár gcuid maoinitheoirí SOLAS. Bliain i ndiaidh a chéile sáraíonn BOOLM a chuid príomhréimsí sprice agus é ag soláthar tairiscintí feabhsaithe sa réigiún. Tugtar le tuiscint ó na sonraí atá ar fáil gur fhreastail BOO BOOLM ar 38,158 tairbhí in 2024 agus is ionann sin agus 25,220 foghlaimoir uathúil. (Le haghaidh níos mó eolais faoi na cláir atá ar fáil féach le do thoil ar láithreán gréasáin BOOLM ag www.lmetb.ie

Ionad Sármhaitheasa Oiliúna Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD)

Leanann ISMOAD, atá suite i bPáirc Theicneolaíochta Xerox i nDún Dealgan ar an gconair idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste lena mbaineann tábhacht straitéiseach, ar aghaidh ag cur ar chumas gnólaigh Éireannacha leas iomlán a bhaint as na deiseanna a bhaineann le Tionscal 4.0. In 2024 sholáthair an ISMOAD 182 cúrsa, chuir sé oiliúint ar fáil do 2,294 foghlaimoir agus bhain breis is 180 cuideachta leas díreach as an soláthar oiliúna. I measc na gcúrsaí a sheachadtar tá Prionsabail Leictreacha, Nuálaíocht Trí Róbataic, Scríbhneoireacht Theicniúil, Córais Leictreachais Thionsclaíoch, Rialaitheoirí Loighic In-ríomhchláraithe, Cothabháil Choisctheach, Crios Glas Six Sigma, Táthú Róbatach, agus Réamheolas ar an Róbataic i measc cúrsaí eile. Ina theannta sin, chuir ISMOAD tús le clár pólótach lánaimseartha a sholáthar ar scileanna sonracha, táthú agus táthú róbatach agus tugadh chun críche oiliúint ar ár gcéad Clár Chibear-Printíseachta atá ar Leibhéal 6 den QQI. Bhain 180 foghlaimoir leas as an oiliúint ar Ghnéithe Bunúsacha de Phriontáil 3D don Fhoirgníocht inár n-áis thiomnaithe i nDroichead Átha.

Bliain ghnóthach ab í d'fhorbairt curaclaim agus an mhicrea-cháilíocht de chuid an BOOLM Úsáid na Róbataice san Ard-Déantúsaíocht (URAD) – Dámhachtain Sainchuspóra QQI L6, seolta agus bailíochtú déanta ar an bPrintíseacht L6 den QQI Róbataic agus Uathobriú (RUA)

In 2025 agus ina dhiaidh cuirfear béim ar thairiscint na n-ionad don tionscal a uasmhéadú agus ar churaclaim nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna. Bainfidimid é sin amach trí leas a bhaint as ár gcuid caidreamh dearfach le comhpháirtithe tionscail agus le gníomhaireachtaí agus tríd an bhfoireann a neartú agus a fhorbairt agus ár gcuid próiseas a shruthlíniú níos mó.

Leanann BOOLM air ag soláthar an Chlár Pathways do Scoileanna de chuid an BOO a bhfuil ag éirí thar barr leis, agus lena dtugtar taithí phraiticiúil agus oiliúint ar phrionsabail na Róbataice agus an Uathoibrithe do dhaoine óga.

Seirbhísí don Óige

Déanann Seirbhísí don Óige BOOLM anailís agus athbhreithniú leanúnach ar shonraí ábhartha chun díriú straitéiseach ar riachtanais aitheanta ar aon dul le príomhspríocanna beartais an Rialtais a chumasú agus tacú leo. Riarann Seirbhísí don Óige BOOLM breis is €1.15 milliún de mhaoiniú spriocdhírthe gach bliain thar ceann an Aonad Gnóthaí Óige sa Roinn Oideachais agus Óige le haghaidh tionscnamh oibre óige ar fud Lú agus na Mí. Pléann na seirbhísí le daoine óga idir 10 mbliana agus 24 bliain d'aois. Riarann Oifigigh Óige BOOLM an maoiniú sin, agus déanann siad bainistíocht freisin ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta agus rialacha na scéime.

Cuirtear an maoiniú ar fáil in dá shnáithe mhóra, soláthar **faoi stiúir foirne** agus **soláthar faoi stiúir** saorálaithe. Is é UBU – D'Áit Do Spás (UBU Your Space Your Place) - an phríomhscéim um sholáthar spriocdhírthe oibre óige **faoi stiúir foirne** i dtionscadail lasmuigh den scoil. Riarann BOOLM maoiniú do 6 UBUanna i Lú agus 3 sa Mhí. In earnáil na hoibre óige **faoi stiúir saorálaithe** riarann BOOLM maoiniú le haghaidh idir 80 agus 90 club gach bliain, atá scaipthe go cothrom ar fud an dá chontae tríd an Scéim Deontas um Chlubanna Óige Áitiúla.

Áirítear le scéimeanna agus cistí breise a riartar:

- **Tionscnamh Tacaíochta Spriocdhírthe d'Infhostaitheacht don Aos Óg**

Tugtar tacaíocht mar chuid den tionscnamh seo, do rannpháirtithe idir 15-24 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus bronnadh go ráithiúil é ar Obair d'Ógra Éireann na Mí é trína UBU Meath Youth Together. Pléann an clár le daoine óga a mbíonn sé deacair iad a shroicheadh agus a mbíonn deacracht acu le nascadh le gníomhaireachtaí oideachais agus fostaíochta.

Cuirtear béim ar scileanna boga a fhorbairt i ndáil le hinfhostaitheacht agus plé le fostóirí agus bealaí eile chun cinn, chomh maith le cláir agus seirbhísí eile. Is clár trí bliana é seo.

- **Ciste Comhtháthaithe**

Baineadh leas as an gcistiú sin le haghaidh roinnt cuspóirí i suíomhanna UBU agus deonacha, lena n-áirítear foireann oibre óige Comhtháthaithe a fhostú chun gníomhaíochtaí for-rochtana fairsinge a rith le haghaidh phobail imirceacha, chomh maith le cláir agus tacaíocht speisialaithe do dhaoine óga ag a bhfuil riachtanais speisialta acu, i gcohort na n-imirceach.

Gabhfaidh Seirbhísí Óige BOOLM d'iarratas nua a fhorbairt chun ceann de na 10 riachtanas nua seirbhíse UBU a d'fhógair an RBATNE a bhaint amach, chomh maith le páirt a ghlacadh sa chlár píolótach nua Ocras Saoire atá dírithe ar leanaí a fhágtar gan bheilí leordhóthanacha le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Tá na gníomhaíochtaí sin go léir ag teacht le spríocanna Phlean Oibre Óige 2023-2025 de chuid BOOLM.

Breisoideachas agus Breisoiliúint (BOO) 2024

3 Choláiste
Iar-Ardteistiméireachta



Seirbhísí Treorach,
Eolais agus
Earcaíochta BOO

1 Ionad Réigiúnach
Scileanna agus Oiliúna



38,158 Ag Baint
Tairbhe As

1 Lárionad Sármhaitheasa um
Feabhas san Oiliúint
Ard-Déantúsaíochta



5,216
Rannpháirtí
i Seirbhísí
Óige

8 n-Ionad
Ógtheagmhála



1 Stiúrthóir
BOO

8 gCampas/n-Ionad
Ilúsáide BOO



50 Ceannaire BOO

1 Choláiste I nDroichead
Átha (Printíseachtaí
Leictreachais)



700 Oideoir

www.lmetb.ie



Tacaí Eile

Comh-oibríonn BOOanna freisin le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun éagsúlacht de chláir ghníomhaíochta tosaíochta a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla na ngrúpaí cliant i bpobail áitiúla.

BOOÉ (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann)

Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta do na BOOanna atá ina mbaill agus déanann sé idirbheartaíocht ar son na hearnála BOO ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ag leibhéal an AE.

Limistéir agus suíomhanna geografacha

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí raon leathan seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta ar fud an dá chontae. Tá liosta iomlán de na scoileanna agus de na seirbhísí breisoideachais agus oiliúna ar fáil thíos.

Cúlra agus Faisnéis Staidrimh

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Bunaíodh BOOLM ó chónascadh de Choiste Gairmoideachais Chontae Lú agus Cho. na Mí. Rinne an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 foráil d'aistriú feidhmeanna agus foireann iar-oiliúint FAS chuig na BOOanna nuabhunaithe. Ar an 1 Iúil 2014, mar sin tháinig an t-iar-ionad oiliúna FAS i nDún Dealgan, Co. Lú faoi rialú BOOLM. Is é BOOLM an soláthróir oideachais chuimsithigh is mó i gceantar Lú agus na Mí agus tá raon mór seirbhísí oideachais aige ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna go breisoideachas agus oiliúint. Tá struchtúr corparáideach ag BOOLM atá comhdhéanta de bhord arna cheapadh go daonlathach agus d'fhoireann bainistíochta (feidhmiúcháin) shinsearach.

Freastalaíonn BOOLM ar chontaetha Lú agus na Mí, a bhfuil daonra de thart ar 360,529 duine. Tá anailís de réir contae léirithe thíos:

Athrú Daonra agus Iarbhír agus Céatadáin 2016 go 2022*

Lú	Daonra	139,703
	Athrú iarbhír ó 2016 i leith	10,819
	Athrú % ó 2016 i leith	8.4%
An Mhí	Daonra	220,826
	Athrú iarbhír ó 2016 i leith	25,782
	Athrú % ó 2016 i leith	13.2%
Lú agus an Mhí	Daonra	360,529
	Athrú iarbhír ó 2016 i leith	36,601
	Athrú % ó 2016 i leith	11.3%

**Torthaí Achoimre na Príomh-Oifige Staidrimh*

I measc na seirbhísí a sholáthraímid tá bunoidéachas, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí a bhaineann leis an óige chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais pobalbhunaithe eile. Cuirtear na seirbhísí ar fad ar fáil ag an leibhéal áitiúil. Cuireann BOOLM ardoiliúint déantúsaíochta ar fáil freisin ón IOBFAD i nDún Dealgan.

Is iad sprioc-chliant BOOLM:

- Daltaí agus/nó a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimoirí fásta
- Pobail ar fud an dá chontae
- Daoine óga agus oibrithe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna tacaíochta éagsúla a riarann BOO go díreach
- Eagraíochtaí deonacha, pobail agus spóirt
- Gnó agus Tionscal

Bainistíonn agus feidhmíonn BOOLM:

- 18 n-Iar-Bhunscoil lena n-áirítear 1 ag a bhfuil soláthar Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta
- 2 Shaincholáiste IAT,
- 4 Phobalscoil Náisiúnta
- 1 Phobalscoil Speisialta
- 1 Ionad um Scolaíocht Eorpach
- 2 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Sármhaitheasa Ardteicneolaíochta Déantúsaíochta
- 8 n-Ionad Ógtheagmhála
- 2 Chomhpháirtíocht Oideachais Cheoil
- 7 gcampas/ionad IAT ilúsáide a thairgeann raon de chláir agus de sheirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna

Tá BOOLM ina chomhphátrún ar 6 Phobalscoil i mBaile Átha Fhirdhia, i gCeanannas, i mBaile Átha Troim, i mBaile Átha Buí, i gCill Dhéagláin, agus i gColáiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha.

Misean, Luachanna agus Prionsabail

Ráiteas Misin

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta chun feabhais agus nuálaíochta maidir le hoideachas agus oiliúint foghlaimoirí trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthar agus iad curtha ar fáil ag baill foirne gairmiúla. Tá bród orainn a bheith ag freastal ar phobail an Lú agus na Mí, bheith ag obair lenár gcuid comhpháirtithe oideachais agus cur le forbairt agus fás ar sholáthar oideachais agus oiliúna sa réigiún. Tá sé mar aidhm ag BOOLM a bheith ar an bpríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ardchaighdeán i Lú agus sa Mhí trí raon éagsúil de chláir inrochtana, fhorásacha agus fhreagracha a bhainistiú agus a sheachadadh.

Bunluachanna agus Prionsabail:

Mar bhonn agus mar thaca ag Ráiteas Misin an BOOLM tá sraith de chroíluachanna agus de phrionsabail a forbraíodh i gcomhairle le gach grúpa leasmhar. Is iad seo:

Luachanna BOOLM	
Feabhas	Tugtar na caighdeáin is airde maidir le soláthar seirbhíse do gach páirtí leasmhar.
Nuálaíocht	Spreagtar baill foirne agus foghlaimeoirí le bheith forásach, cruthaitheach agus dinimiciúil ina gcleachtais teagasc agus foghlama. Spreagtar baill foirne agus foghlaimeoirí chun uirlisí TFC a úsáid chun an teagasc agus chun an fhoghlaimeoireacht a fheabhsú.
Dírthe ar an bhFoghlaimeoir	Cuirtear cláir agus seirbhísí BOOLM ar fáil mar fhreagra ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí i gcontaetha Lú agus na Mí.
Ag Tacú le hAistriú	Cuirtear cláir agus tacaíochtaí Aistrithe, Idirbhliana agus Treorach ar fáil do gach foghlaimeoir lena chinntiú go ndéanann siad na roghanna cearta maidir le conairí agus roghanna gairme agus go n-aistríonn siad go rathúil ó chéim amháin dá n-aistear oideachais go céim eile.
Foghlaim	Cothaítear dearcadh foghlama ar feadh an tsaoil i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.
Comhionannas	Cuirtear rochtain ar oideachas agus ar thacaíochtaí ar fáil do gach foghlaimeoir, rud a uasmhéadaíonn deiseanna foghlama agus a chuidíonn leo barr a gcumais a bhaint amach.
Cuimsiú	Cuirtear ar chumas na bhfoghlaimeoirí go léir a bheith rannpháirteach go héifeachtach san oideachas, go háirithe na grúpaí sin a bhféadfadh sé go raibh siad eisiata iad nó ar leithlisíodh iad.
Iomlánaíocht	Cothaíonn na cláir agus na seirbhísí atá ar fáil ag BOOLM gnéithe morálta, mothúchána, fisiceacha, sóisialta, síceolaíochta agus spioradálta an fhoghlaimeora.
Gairmiúlacht	Spreagtar baill foirne, foghlaimeoirí agus ár bpáirtithe leasmhara chun idirghníomhú lena chéile ar bhealach cúirtéiseach, measúil agus gairmiúil ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht agus go léirítear meas uirthi.
Freagrúlacht	Tá feasacht ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla mar bhonn don soláthar.
Folláine	Déanann na cláir agus na seirbhísí atá ar fáil in BOOLM iarracht féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt agus folláine na foirne agus an fhoghlaimeora a chur chun cinn.
Cothroime	Tá gach beartas, nós imeachta agus cleachtas de chuid BOOLM cothrom agus réasúnta.
Ionracas	Bítear ag súil go ngníomhódh baill foirne, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara go hionraic, go heiticiúil agus go trédhearcach i gcónaí.
Comhpháirtíocht agus Comhoibriú	Déantar cláir agus seirbhísí a fhorbairt agus a sheachadadh i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.
Luach ar Airgead	Déantar obair BOOLM ar bhealach éifeachtach agus aird chuif á tabhairt ar chuntasacht phoiblí.


Ráiteas Straitéise

I ráiteas straitéise BOOLM le haghaidh 2022-2026 leagtar amach spriocanna straitéiseacha na heagraíochta le haghaidh na tréimhse sin. Aithníodh cúig sprioc straitéiseach sa phlean straitéiseach reatha

Spriocanna Straitéiseacha		
1	Eispéireas Ardchaighdeáin d'Fhoghlaimoirí a Sholáthar	Tacú le soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus feabhas a chur ar an taithí foghlama chun freastal ar riachtanais gach foghlaimora.
2	Cothromas Deiseanna a Chinntiú	Cothromas deiseanna san oideachas agus san oiliúint a chinntiú ionas go dtabharfar tacaíocht do gach foghlaimoir barr a c(h)umais a bhaint amach.
3	An nuálaíocht agus an comhoibriú a chur chun cinn	Fócas scileanna agus nuálaíochta a ghlacadh agus comhoibriú ar bhonn uile-oileáin agus Thoir-Thiar, laistigh den AE agus níos faide i gcéin chun Éire a chumasú le bheith san iomaíocht ar an ardán domhanda.
4	Creat Rialachais agus Tacaíochta Ardchaighdeáin a Sholáthar	Creat rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil a sheachadann na córais agus an bonneagar ceart do BOOLM agus a éascaíonn seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna BOOLM
5	Gníomhú go hinbhuanaithe	Gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le todhchaí inbhuanaithe agus i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann 2024.

Sreabhadh oibre an Timthrialla Pleanála

Léirítear sreabhadh oibre an Timthrialla Pleanála thíos. Úsáidtear an próiseas seo chun trédhearcacht agus soiléire cuspóra a chinntiú, agus chun fócas a choinneáil ar oibriú go gníomhach chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach thar shaolré an Ráitis Straitéise.



Ráiteas Seirbhísí 2025

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Sheachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOLM, aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas chomh maith le tarraingt ar spriocanna agus ar thosaíochtaí Ráiteas Straitéise 2022-26 de chuid BOOLM. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le seachadadh.

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú (Sprioc Straitéiseach 1 - Eispéireas Ardchaighdeáin d'Fhoghlaimeoirí a sholáthar)	Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe (<i>De réir na Roinne Oideachais</i>)	Soláthar leanúnach de raon leathan clár ag leibhéil 1-6, agus tacaíochtaí gaolmhara, chun rannpháirtíocht foghlaimeoirí de gach aois agus cumas a éascú Oscailt scoileanna speisialta agus pobalscoileanna speisialta le haghaidh scoláirí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) orthu.	Réimse leathan clár BOO curtha ar fáil agus seachadta Idirghabhálacha spriocdhírthe chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus ar thacaíochtaí gaolmhara. Athbhreithniú agus Forbairt Clár. Maidir le seirbhísí tacaíochta BOO – Oifig tacaíochta foghlaimeora a bhunú. Soláthar tacaíochta ó TEL agus Oifigigh DC, gach foghlaimeoir. Tá gach clár de chuid na Roinne Oideachais ar fáil i scoileanna chun freastal ar riachtanais na mac léinn lena n-áirítear TS, TSCS (Scoileanna DEIS), an AT, an Idirbhliain, LCVP agus LCA, L1LPanna agus L2LPanna Idirchaidreamh le hOifigigh Leasa Oideachais TUSLA maidir le clár a sholáthar do dhaltáí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath Forbairt Clár do na mic léinn sin is mó atá i mbaol. Tá Stiúrtóireacht Scoileanna BOOLM agus TUSLA TESS i mbun tionscadal píolótach mar chuid den tSraith Shóisearach do dhaoine óga 12-15 bliana d'aois atá 'i mbaol' i gceantar Dhroichead Átha Foirne Tacaíochta Mac Léinn struchtúrtha/Foirne Cúraim i ngach Scoil	Rolluithe méadaithe agus coinneáil láidir Laghdú ar líon na n-idirghníomhaithe ón scoil roimh an Teastas Sóisearach trí thacaíochtaí breise agus trí chlár a chur ar fáil atá oiriúnaithe do riachtanais sainréimsí Méadú ar líon na mac léinn a théann ar aghaidh chuig printíseachtaí/Breisoi deachas agus Ardoideachas Déanann Foirne Tacaíochta Mac Léinn/Foirne Cúraim mic léinn a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta le haghaidh breistacaíochtaí inmheánacha agus seachtracha Méadú ar líon na mac léinn a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seachchuraclaim Leathnú agus athbhreithniú leanúnach ar dheiseanna Dámhachtainí Mac Léinn i scoileanna Méadú ar líon na Ranganna Speisialta ar fud an Lú agus na Mí

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
			Réimse gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a chur ar fáil ionas go mbeidh gach scoláire rannpháirteach Dámhachtainí Míosúla agus Bliantúla do Mhic Léinn Cumarsáid rialta leis an NCSE	
		Treoirlínte Bí Cineálta an Roinn Oideachais agus Plean Gníomhaíochta an Roinn Oideachais 2022: Cineáltas a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm	FGL do Cheannairí Scoile agus Comhordaitheoirí Frithbhulaíochta i Scoileanna gcomhpháirt le Oide Spreagadh agus tacaíocht do Sheachtainí Frithbhulaíochta/Cairdeas i Scoileanna Cur chuige nuálach agus cruthaitheach a chur chun cinn agus a roinnt chun idirchultúrthacht a cheiliúradh i scoileanna Soláthar FGL, tacaíocht agus roinnt cleachtas agus tionscnamh maidir le LADTA i Scoileanna do mhic léinn agus don fhoireann araon	Leanúnach
		Tacú le poist	Poist Scileanna le dul san iomaíocht	De réir na gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOLM
		Conairí a chruthú	Dul chun cinn laistigh de BOO Dul chun cinn ó BOO-AO Dul i bhFostaíocht	De réir na gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOLM
		Cuimsiú a chothú	Tras-Scileanna Rannpháirtíocht a Leathnú Litearthacht Aosaigh ar feadh an tSaoil (LAS)	De réir na gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOLM
		Uasoiliúint trí shaoil agus slite beatha	Foghlaim ar Feadh an tSaoil Scileanna le Dul Chun Cinn	De réir na gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOLM
		Díriú ar Phríomhriachtanais Scileanna	Riachtanais Bunscoileanna Scileanna Iarfheistithe Scileanna Glasa do Chách	De réir na gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOLM

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
		Cleachtais Uilechuimsitheach a Dhaingniú Tosaíocht a thabhairt do Sprioc-chohóirt Tacaíocht Chomhsheasmhach d'Fhoghlaimoirí Litearthacht agus Uimhearthacht Maoiniú REACH (MAEDF)	Suaithéantais um Dhearadh Uilíoch le haghaidh Foghlama BOO a rolladh amach ar fud na foirne i gcomhar le AHEAD. Rannpháirtíocht a Leathnú lena n-áirítear foghlaimoirí a dhearbhaíonn go bhfuil míchumas acu féin, an pobal Roma nó an Lucht Siúil, dídeanaí nó iarrthóir tearmainn. Seirbhísí tacaíochta foghlaimoirí lena n-áirítear córas lárnaithe iontrála a fhorbairt níos mó. Soláthar don litearthacht agus don uimhearthacht a mhéadú de réir Straitéis 10 mbliana de chuid LAS.	Fás agus feabhsú incriminteach faoi réir soláthar maoinithe.
Eispéireas an Scoláire/an Foghlaimora a Bharrfeabhsú (Sprioc Straitéiseach 1 - Eispéireas Ardchaighdeáin d'Fhoghlaimoirí a sholáthar)	Tacú le scoláirí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha (<i>De réir na Roinne Oideachais</i>)	Soláthar leanúnach de raon leathan clár ag leibhéil 1-6, agus tacaíochtaí gaolmhara, chun rannpháirtíocht foghlaimoirí de gach aois agus cumas a éascú Oscailt scoileanna speisialta agus pobalscoileanna speisialta le haghaidh scoláirí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) orthu.	Réimse leathan clár BOO curtha ar fáil agus seachadta Idirghabhálacha spriocdhírthe chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus ar thacaíochtaí gaolmhara. Athbhreithniú agus Forbairt Clár. Maidir le seirbhísí tacaíochta BOO – Oifig tacaíochta foghlaimora a bhunú. Soláthar tacaíochta ó TEL agus Oifigigh DC, gach foghlaimoir. Tá gach clár de chuid na Roinne Oideachais ar fáil i scoileanna chun freastal ar riachtanais na mac léinn lena n-áirítear TS, TSCS (Scoileanna DEIS), an AT, an Idirbhliain, LCVP agus LCA, L1LPanna agus L2LPanna Idirchaidreamh le hOifigigh Leasa Oideachais TUSLA maidir le clár a sholáthar do dhaltai atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath Forbairt Clár do na mic léinn sin is mó atá i mbaol. Tá Stiúthóireacht Scoileanna BOOLM agus TUSLA TESS i mbun tionscadal píolótach mar	Rolluithe méadaithe agus coinneáil láidir Laghdú ar líon na n-idirghníomhaithe ón scoil roimh an Teastas Sóisearach trí thacaíochtaí breise agus trí chlár a chur ar fáil atá oiriúnaithe do riachtanais sainréimsí Méadú ar líon na mac léinn a théann ar aghaidh chuig printíseachtaí/Breisoi deachas agus Ardoideachas Déanann Foirme Tacaíochta Mac Léinn/Foirme Cúraim mic léinn a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta le haghaidh breistacaíochtaí inmheánacha agus seachtracha Méadú ar líon na mac léinn a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seachchuraclaim Leathnú agus athbhreithniú leanúnach ar dheiseanna Dámhachtainí Mac Léinn i scoileanna

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
			chuid den tSraith Shóisearach do dhaoine óga 12-15 bliana d'aois atá 'i mbaoil' i gceantar Dhroichead Átha Foirne Tacaíochta Mac Léinn struchtúrtha/Foirne Cúraim i ngach Scoil Réimse gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a chur ar fáil ionas go mbeidh gach scoláire rannpháirteach Dámhachtainí Míosúla agus Bliantúla do Mhic Léinn Cumarsáid rialta leis an NCSE	Méadú ar líon na Ranganna Speisialta ar fud an Lú agus na Mí
